2025.S6T2

2025J001G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2025

# Gaeilge T2

## Gnáthleibhéal

Déardaoin 5 Meitheamh    Maidin 9:30 - 11:30

270 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / /

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 60 marc | Cluastuiscint | 3 cheist |
| Roinn B | 210 marc | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 6 cheist |

Freagair gach ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna atá ag gabháil le gach ceist ag barr na ceiste.

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe**.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i ndeireadh an leabhráin. **Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist**.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. **Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí**.

| Roinn A | Cluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1** **(20 marc)**

Cloisfidh tú píosa cainte sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa cainte **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa cainte seo? Cuir **tic** (✓) leis an bpictiúr ceart.






☐ ☐ ☐ ☐

**(b)** Cé mhéad lá atá an madra ar iarraidh?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

3 lá ☐
6 lá ☐
7 lá ☐

**(c)** Cén lá a goideadh an madra?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Dé hAoine seo caite ☐
Dé Sathairn seo caite ☐
Dé Domhnaigh seo caite ☐

**(d)** Cén duais atá Seán sásta a bhronnadh ar aon duine a thugann an madra ar ais dó?

**Ceist 2** **(20 marc)**

Cloisfidh tú fógra sa cheist seo. Cloisfidh tú an fógra **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cé atá ag caint san fhógra seo?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- An scoláire ☐
- An pobal ☐
- An príomhoide ☐



**(b)** Cad is ainm don fheachtas nua?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Glas agus Glan ☐
- Glan agus Buí ☐
- Glas agus Gaelach ☐

**(c)** Conas a bheidh ar gach duine a gcuid ceapairí a iompar?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- I málaí plaisteacha ☐
- I mboscaí lóin ☐
- I mboscaí páipéir ☐



**(d)** Cén duais ba mhaith leis an scoil a bhuachan roimh dheireadh na bliana?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Bratach ghlas ☐
- Duais don idirbhliain ☐
- Duais Glas agus Glan ☐

**Ceist 3** **(20 marc)**

Cloisfidh tú comhrá sa cheist seo. Cloisfidh tú an comhrá **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thús deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**Mír 1**

**(a)** Cá háit a bhfuil Ruairí anois? Cuir **tic** (✓) leis an bpictiúr ceart.


☐


☐


☐


☐

**(b)** Cad leis a raibh Ruairí ag éisteacht?



**Mír 2**

**(c)** Luaigh áit **amháin** a raibh Ruairí agus a aintín Nóra inné.

**(d)** Cad a bheidh ar Ruairí a dhéanamh tráthnóna Dé hAoine?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Fanacht siar ar feadh uair an chloig ☐
- An seomra ranga a ghlanadh ☐
- An dinnéar a dhéanamh ☐

| Roinn B | Léamh agus Ceapadóireacht | 210 marc |
|---|---|---|

**Ceist 4** **(20 marc)**

Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## Rang Cócaireachta

### Scoil Naomh Eoin, Inis, Co. an Chláir

**Dé hAoine, 4 Iúil 2025, 6.00 p.m. – 9.00 p.m.**

Foghlaim conas cócaireacht den scoth a dhéanamh

**Foghlaim oidis nua:**

- Píotsa
- Pasta
- Pancóga
- Ceapairí
- Curaí sicín





**Táille €15**

Ar siúl i gcistin na scoile. Cuirfear na comhábhair agus an trealamh go léir ar fáil.
Ceannóidh an scoil ríomhairí nua leis an airgead a bhaileofar.
Tuilleadh eolais: glaoigh ar an scoil 077 2967301

**(a)** Cuir in iúl cé acu **fíor** nó **bréagach** atá na habairtí seo a leanas.
Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is ceolchoirm do scoláirí a bheidh ar siúl sa scoil. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Beidh an rang cócaireachta ar siúl i mí an Mheithimh. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Is féidir foghlaim conas pancóga a dhéanamh. | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Beidh an rang cócaireachta ar siúl i halla na scoile. | ☐ | ☐ |
| **(v)** | Tá táille €15 ar an rang cócaireachta. | ☐ | ☐ |

**(b)** Cad a cheannóidh an scoil leis an airgead a bhaileofar?

**(c)** Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil?

**Ceist 5** **(20 marc)**

Léigh an **fógra** seo.



**Fógra**

**Dermot Kennedy**

**Ceolchoirm**

Staid Aviva,

Baile Átha Cliath

16 - 17 Lúnasa 2025

Geataí ar oscailt 4.00 p.m.

Ticéid €73.50 - €93.50 an ceann

***Bígí ann!***

Scríobh teachtaireacht chuig cara leat ag insint dó/di faoin gceolchoirm agus tabhair **cuireadh** dó/di teacht leat chuig an gceolchoirm.



**Ceist 6** **(30 marc)**

Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

# Ionad Siopadóireachta Nua

## Baile Átha Cliath

## Ag oscailt Dé Sathairn, 7 Meitheamh 2025

### Tá 52 siopa san ionad siopadóireachta nua

- Siopaí faisin – éadaí fear, ban agus páistí
- Siopaí teicneolaíochta – fóin, ríomhairí agus uaireadóirí cliste
- Siopaí sláinte agus áilleachta – bia sláinte, vitimíní agus smideadh
- Bialanna den scoth – painíní, píotsa, ceapairí agus dinnéir bhlasta ar fáil

### Páirceáil

- Páirceáil saor in aisce
- Stáisiún luchtaithe do charranna leictreacha
- Spás do 1600 carr
- Áiteanna páirceála do bhusanna



### Uaireanta oscailte

- Dé Luain - Dé hAoine: 9.00 a.m. - 8.30 p.m.
- Dé Sathairn: 9.00 a.m. - 7.30 p.m.
- Dé Domhnaigh: 10.00 a.m. - 6.00 p.m.

**Tuilleadh eolais:** 📞 **01 644 3323**

**(a)** Cén sórt áite atá luaite ar an bpóstaer thuas?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Pictiúrlann ☐
- Siopa beag áitiúil ☐
- Ionad siopadóireachta nua ☐

**(b)** Cén lá a mbeidh an t-ionad siopadóireachta nua ag oscailt?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Dé hAoine ☐
- Dé Sathairn ☐
- Dé Domhnaigh ☐

**(c)** Cé mhéad siopa atá san ionad siopadóireachta nua?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- 8 ☐
- 52 ☐
- 1600 ☐

**(d)** Cad iad na siopaí a bhfuil fóin, ríomhairí agus uaireadóirí cliste ar fáil iontu?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Sna siopaí faisin ☐
- Sna siopaí teicneolaíochta ☐
- Sna siopaí sláinte agus áilleachta ☐

**(e)** Luaigh saghas **amháin** bia atá ar fáil sna bialanna.

**(f)** Cén praghas atá ar pháirceáil?

**(g)** Cad iad na huaireanta oscailte ar an Domhnach?


**(h)** Luaigh bealach **amháin** ar féidir tuilleadh eolais a fháil.

**(i)** Ar mhaith leat féin dul ag siopadóireacht san ionad siopadóireachta nua? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

**Ceist 7** **(80 marc)**

Léigh an píosa seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## Joanne Cantwell ar *The Sunday Game*



**1.** Tá *The Sunday Game* ar cheann de na cláir is mó lucht féachana in Éirinn. Bhí sé ar an teilifís den chéad uair ar an Domhnach, an 8 Iúil 1979. Is é an príomhchlár é ar a dtaispeántar na cluichí Gaelacha ar RTÉ. Bíonn sé ar siúl beagnach gach Satharn agus gach Domhnach sa samhradh nuair a bhíonn Craobh na hÉireann sa pheil agus san iománaíocht ar siúl. Is í Joanne Cantwell príomhláithreoir *The Sunday Game*.

**2.** Rugadh Joanne Cantwell i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1979. Tá ceathrar deirfiúracha aici. Bhí suim mhór sa spórt ag Joanne Cantwell riamh. Nuair a bhí sí óg d'imir sí cispheil, sacar agus peil. B'fhearr léi an pheil ná aon spórt eile. Nuair a bhí Joanne sé bliana déag d'aois bhí sí ar phainéal sinsir Bhaile Átha Cliath sa pheil. Sa bhliain 1997 ainmníodh Joanne Cantwell mar Imreoir Óg na Bliana. In 1998, ainmníodh í do ghradam *All-Star*.

**3.** Chuaigh Joanne Cantwell go hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Rinne sí cúrsa iriseoireachta ansin. Nuair a bhí Joanne ag freastal ar an ollscoil, bhí sí ag obair mar iriseoir leis an stáisiún raidió FM104. Nuair a d'fhág Joanne an ollscoil, chaith sí tamall ag obair le TV3. Bhíodh sí ag léamh na nuachta agus ag cur *Sports Tonight* i láthair. Ansin sa bhliain 2007, thosaigh sí ag obair le RTÉ agus tá sí ag obair leo ó shin.

**4.** Tá eolas mór leathan ag Joanne ar chúrsaí spóirt. I dtús báire, is ag obair mar thuairisceoir taobhlíne a bhí sí ar an gclár *The Sunday Game*. Ina dhiaidh sin, ba thuairisceoir í ar an gclár *Premier Soccer Saturday*. Is láithreoir í freisin ar an gclár seachtainiúil rugbaí *Against the Head* ar a mbíonn an t-iarimreoir rugbaí Shane Byrne ina cuideachta go minic. Ba í Joanne an chéad bhean a chuir Sraith Curadh UEFA i láthair ar RTÉ. Is bean spreagúil, mhisniúil í Joanne Cantwell agus ní raibh iontas ar aon duine, mar sin, nuair a roghnaíodh í chun *The Sunday Game* a chur i láthair sa bhliain 2019 tar éis do Michael Lyster éirí as an ról an bhliain roimhe sin.

**(a)** Cén bhliain a thosaigh *The Sunday Game* ar an teilifís? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- 1979 ☐
- 1997 ☐
- 1998 ☐

**(b)** Cén **dá** spórt a bhíonn ar *The Sunday Game*? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Peil agus iománaíocht ☐
- Sacar agus rugbaí ☐
- Cispheil agus haca ☐

**(c)** Cén spórt ab fhearr le Joanne Cantwell? (Alt 2)

**(d)** Cén bhliain a ainmníodh Joanne mar Imreoir Óg na Bliana? (Alt 2)

**(e)** Cén cúrsa a rinne Joanne Cantwell in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath? (Alt 3)

**(f)** Ainmnigh clár teilifíse **amháin** a chuir Joanne i láthair ar TV3. (Alt 3)

**(g)** Luaigh post spóirt **amháin** a bhí ag Joanne ar an teilifís. (Alt 4)

**(h)** Cén duine a roghnaíodh chun *The Sunday Game* a chur i láthair sa bhliain 2019? (Alt 4)

**(i)** Beidh **Imeacht Spóirt** ar siúl go luath i do scoil. Scríobh amach fógra/póstaer sa spás thíos faoin imeacht spóirt sin. Scríobh faoi na pointí seo a leanas:

- dáta, lá agus am
- áit
- na daoine a bheidh i láthair
- an saghas spóirt
- duais
- pointe ar bith eile

**Ceist 8** **(25 marc)**

**(a)** Léigh na habairtí seo (1-6). Meaitseáil iad leis na pictiúir thíos.
Scríobh an uimhir cheart faoi gach pictiúr. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

**(1)** Codlaíonn daoine air seo.
**(2)** Tá ceann acu seo ar fáil i mbeagnach gach oifig.
**(3)** Bíonn daoine ag caint lena chéile ar an ngléas seo.
**(4)** Téann daoine ag snámh anseo.
**(5)** Taistealaíonn daoine ó thír go tír ar an rud seo.
**(6)** Bíonn a lán acu seo á dtiomáint ar na bóithre.

**(b)** Scríobh síos an t-ainm atá ar an **rud** atá le feiceáil i ngach pictiúr thíos. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.



Abairt: *2*
Rud: *Ríomhaire*



Abairt:
Rud:




Abairt:
Rud:



Abairt:
Rud:



Abairt:
Rud:



Abairt:
Rud:

**Ceist 9** **(35 marc)**

Is tusa duine de na daoine óga atá le feiceáil sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




## Ag dioscó le mo chara

Spás le haghaidh scríbhneoireacht bhreise.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

## Admhálacha

**Íomhánna**

| | |
|---|---|
| Na híomhánna ar leathanach 3: | www.birdfact.com, www.www.animallife.co.uk, www.wamiz.co.uk, www.nytimes.com |
| Na híomhánna ar leathanach 4: | www.sandwichfreephotos.com, www.trashcanswarehouse.com |
| Na híomhánna ar leathanach 5: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit, www.qoura.com |
| Na híomhánna ar leathanach 6: | www.allrecipes.com, www.appitizersaddiction.com |
| An íomhá ar leathanach 7: | www.dublincentral.ie |
| Na híomhánna ar leathanach 8: | www.irishindependent.ie, www.freepik.com |
| An íomhá ar leathanach 10: | www.irishindependent.ie |
| Na híomhánna ar leathanach 12: | www.britannica.com, www.skynews.com, www.hyundaiireland.com www.lifewire.com, www.ezlivingfurniture.ie, www.aqualublin.pl |
| Na híomhánna ar leathanach 13: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |

**Téacsanna**

An téacs ar leathanach 10: bunaithe ar fhoinsí éagsúla

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Gnáthleibhéal

# Gaeilge T2

Déardaoin 5 Meitheamh

Maidin 9:30 - 11:30